

# **Scoil Uí Riada- An Cód Iompair**



*Scoil Uí Riada  
An Bhánóg, Cill Choca, Co. Chill Dara  
Uimhir Rolla: 198971*

**A Thuismitheoir, a chara,**

Ba mhaith liom Cód disciplín na scoile a sheoladh chugaibh ar son an Bord Bainistíochta agus foireann na scoile.

Tá an cháipéis seo curtha le chéile ag tuismitheoirí, caomhnóirí, múinteoirí agus an Bord Bainistíochta le béim lárnach ar an bpáiste.

Tá muinín ag an scoil aisti féin agus as an t-atmasfeár atá sa scoil a spreagann na páistí lena dul chun cinn pearsanta agus acadúil a fhorbairt. Táimid an-sásta go bhfuil do pháiste ag freastal ar Scoil Uí Riada agus gur roghnaigh tú an scoil seo do/di. Táimid muiníneach go mbeidh tú lán sásta leis na torthaí a bhainfidh do pháiste amach.

**Tá Bord Bainistíochta Scoil Uí Riada tar éis glacadh leis an gCód Iompair seo de réir na coinníollacha atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa chiorclán 20/90, de réir Rial 130 de Rialacha na mBunscoileanna agus an tAcht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1).**

**Eanáir 2018**

## **An Bord Bainistíochta**

Deiric Mac Suibhne  
Séamus Ó Muirthe  
Elaine Uí Néill  
Michéal Ó Muineog  
Eimear de Faoite  
Conchúir Mac Niocail  
Denise Neary  
Máire Nic Chormaic

### **Clár:**

- 1.0           Aidhmeanna an Chóid.
- 2.0           Ceartha páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí.
- 3.0           Cúramaí páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus an Bord  
Bainistíochta
- 4.0           An Cód Disciplín.
- 5.0           Straitéisí / Smachtbhannaí
- 6.0           Iompar nach féidir glacadh leis ó pháistí.
- 7.0           Cumarsáid le tuismitheoirí i leith disciplín.
- 8.0           Bulaíocht.

## **1.0 Aidhmeanna an Chóid.**

- \* Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag ár ráiteas físe.  
Timpeallacht a chruthú ina mbeidh gach duine a bhaineann leis an scoil slán agus go bhfuil meas agus fiúntas orthu. (Sé sin páistí, foireann na scoile, tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta)
- \* Féin smacht a chruthú.
- \* Timpeallacht a chruthú ina mbeidh páistí agus foireann na scoile ábalta a gcumas intleachtúil agus cruthaitheach a fhorbairt.
- \* Go mbeidh polasaí ann (An Cód Disciplín) chun cabhrú le hoibriú réidh na scoile agus go mbeidh cumarsáid le tuismitheoirí / caomhnóirí i leith an polasaí seo.
- \* Go mbeidh cumarsáid éifeachtach idir dhaltaí, mhúinteoirí, tuismitheoirí / chaomhnóirí agus an Bord Bainistíochta.
- \* Go mbeidh cabhair ar fáil ag daltaí, fiúntas moráltacht agus eiticiúil a chothú agus go mbeidh meas acu ar difríochtaí, ar chreideamh, ar chultúracha éagsúla agus ar dhaoine eile.
- \* Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus chomleanúnach ar fud na scoile.

### **1.1 Ráiteas Ethóis**

Is bunscoil meascaithe lán-Ghaeilge í Scoil Uí Riada (SUR) a bhunaigh tuismitheoirí an cheantair sa bhliain 1986. Tá sé mar aidhm ag SUR an Ghaeilge agus an cultúr a ghabhann leis an teanga a chur chun cinn sa scoil agus sa phobal máguaird. Is é SONAS (spreagaimís onóir, neamhspleáchas, aonarachas & sábháilteacht) manna na scoile seo.

Tacaíonn an scoil le prionsabail cuimsitheachais agus comhionannais do gach páiste, taobh istigh do chomhthéacs agus paraiméadar rialacha agus treoireacha na Roinne Oideachais & Eolaíochta.

## 1.2 Ráiteas Físe

Déanfaidh Scoil Uí Riada chuile iarracht timpeallacht fáilteach, sábháilte, spreagrúil foghlama a chur ar fáil tré mheán na Gaeilge, áit a mbeidh deis ag gach páiste forbairt iomlán a dhéanamh mar dhuine atá sona, muiníneach agus ómósach agus a bheith in ann ról dearfach a ghlacadh sa socaí.

## 2.0 Cearta:

### 2.1 Ceartha na bPáistí

#### **Tá sé mar cheart ag páistí:**

1. Oideachas a fháil i dtimpeallacht sábháilte, sona agus slán
2. Fás go hinteleachtúil, go fisiciúil agus ó thaobh mothúcháin de, le tuiscint ar ghánna speisialta agus ar bhac.
3. Go ndeileálfar le gach duine mar dhuine ar leith le meas agus go mbeidh meas ar dhaoine eile taobh istigh de chomhluadar na scoile.
4. Go néistfear leo agus ceisteanna á chur.
5. Go gcuirfidh said a mothúcháin agus a dtuairimí in iúl.
6. Go mbeidh said saor ó aon mhíchleachtadh.
7. Go bhfaighfidh said eolas faoin ábhar a bhaineann lena saol, mar shampla, eolas faoin gCód Disciplín, Clár O.C.G., clár Bí Sábháilte agus cláracha eile eolais a thabharas dearcadh agus tuiscint níos iomláine dóibh ar an saol.
8. Go múinfear scileanna dóibh chun toil smacht a chothú iontu.

## **2.2. Cearta Múinteoirí.**

Tá sé mar cheart ag múinteoirí.

1. Go mbeidh said in ann múineadh i dtimpeallacht sábhálta atá saor ó stolladh.
2. Go mbeidh meas orthu.
3. Go mbeidh cumarsáid acu le tuismitheoirí.
4. Go mbeidh eolas ar fáil faoi dhalta - gnéithe a bhaineann leis an gclann má bhaineann siad le hiompar agus oideachas an pháiste agus bheith in ann buaileadh le tuismitheoirí más gá.
5. Go mbeidh said ábalta a rá má tá rudaí ag cur isteach orthu a bhaineann le sábháilteacht, iompar agus dul chun cinn acadúil an pháiste.
6. Go mbeidh comhoibriú agus tacaíocht ar fáil ó thuismitheoirí agus ó bhainistíocht dá gcuid oibre.
7. Rúndacht.
8. Go néistfear leo.
9. Go mbeidh said ábalta cabhair agus tacaíocht éagsúla a fháil ó udaráisí mar an Bord Bainistíochta, Roinn Oideachais agus Scileanna.
10. Go mbeidh fearais agus áiseanna sásúla ar fáil dóibh chun a gcuid oibre a chur i gcrích go sásúil.

### **2.3. Cearta Tuismitheoirí/Caomhnóirí.**

#### **Tá sé mar cheart ag tuismitheoirí:**

1. Teacht agus buaileadh le múinteoirí / príomhoide go héasca agus eolas cuí a fháil uathu.
2. Meas, tuiscint agus rúndacht
3. Cuntas faoi dhul chun cinn an phaiste á fháil ag am faoi leith ón múinteoir ranga.
4. Ceisteanna a chur faoi ghníomhaíocht an mhúinteora i leith an Cód disciplín.
5. Go gcuirtear fios orthu le haghaidh gníomhaíochtaí disciplín más gá leis.
- 5a. Go mbeadh gnéithe a bhaineann le hiompar curtha i dtús báire faoi bhráid an mhúinteora ranga agus go mbeadh socrú le fáil orthu taobh istigh den rang más féidir.
- 5b. Mura bhfuil tuismitheoirí sásta go bhfuil cúrsaí disciplín socraithe, d'fhéadfadh said dul faoi bhráid:
  - a. An Príomhoide.
  - b. An Bord Bainistíochta.
  - c. An Roinn Oideachais agus Scileanna.
6. Go néistfear leo.
7. Go dtuigfeadh udaráis na scoile gurb iad na tuismitheoirí “príomh oidiseoirí” a bpáistí.

### **3.0. Cúramaí.**

#### **3.1 Beidh páistí freagrach as:**

- ❖ Obair ranga agus obair bhaile.
- ❖ Eolas agus claoí le rialacha ranga agus scoile.
- ❖ Iompar ranga agus iompar chlóis.
- ❖ A gcuid earraí / fearais.
- ❖ A seomra ranga.

- ❖ Fearais na scoile.
- ❖ A dtimpeallacht.
- ❖ Gan daltaí eile a fhágáil as chluichí nó bulaíocht a dhéanamh ar páiste ar bith eile.
- ❖ Labhairt na Gaeilge chomh maith agus is féidir leo an t am go léir.
- ❖ Meas a thaispeáint dá múinteoirí.
- ❖ Bheith bródúil as a gcuid oibre agus as an scoil.

### **3.2 Beidh tuismitheoirí freagrach as:**

- ❖ A gcuid páistí a threorú i gceart
- ❖ Iompar páistí ar scoil agus sa bhaile.
- ❖ Tacaíocht a thabhairt do na páistí agus iad ag foghlaim.
- ❖ Obair bhaile a bheith críochnaithe.
- ❖ Go mbeidh leabhair, pinn luaidhe & rl ag paistí agus iad ag teacht as scoil.
- ❖ Codladh / bia sásúil an phaiste.
- ❖ Dul i dteagmháil leis an scoil nuair is gá, faoi ghnéithe do shaol an pháiste ar scoil agus sa bhaile.
- ❖ Eolas a thabhairt don mhúinteoir i leith fadhbanna a chuirfeadh isteach ar dul chun cinn an páiste ar scoil.
- ❖ Tacaíocht a thabhairt don scoil tré theacht chuig cruinnithe & rl. agus páirt a ghlacadh i gcursaí reatha na scoile.
- ❖ Cinntiú go bhfuil ainm an pháiste curtha ar trealamh scoile agus éadaí scoile an pháiste.
- ❖ Cinntiú go bhfuil éide scoile ceart ar an bpáiste gach lá.

### **3.3 Beidh múinteoirí freagrach as:**

- ❖ Na páistí faoina gcúram (“In Loco Parentis”)
- ❖ Atmaisféar / timpeallacht dearfach a chothú.
- ❖ Bheith cothrom i gconaí le daltaí, gan cuimhneamh ar chreideamh, ar chin, ar chultúr nó ar inscne.
- ❖ Bheith réidh don rang.
- ❖ An t-aire céanna a dhíriú ar gach páiste.

- ❖ Dul i dteagmháil le tuismitheoirí / caomhnóirí i leith léann agus iompar an dalta tré úsáid an dialann /guthán / cruinniú.
- ❖ Bheith dearfach i leith na bpáistí
- ❖ Ceartú obair bhaile agus obair ranga.
- ❖ Tuiscint na bpáistí ar iompar oiriúnach.
- ❖ Cuirtear béim faoi leith ar atmaisféar/timpeallacht dearfach a chruthú sa rang agus sa scoil a thacóidh agus a chothóidh le dea-iompar m.sh. dea-iompar a mholadh agus a chur chun cinn le go mbeadh gach páiste sásta agus sábháilte ina dtimpeallacht scoile.
- ❖ Déanann an fhoireann cinnte de go dtugann siad dea-shampla i gcónaí agus go bhfuil siad mar rólchuspaí maithe.
- ❖ Tugtar moladh do dheá-iompar trí mheascán de na straitéisí thíos a úsáid:
  - \* *Focal ciúin chun dea-mheas nó do shásamh a chur in iúl*
  - \* *Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste*
  - \* *Cuairt a thabhairt ar mhúinteoirí eile nó ar an bPríomhoide/príomhoide tánaisteach i gcóir moladh*
  - \* *Focal molta os comhair grúpa nó rang*
  - \* *An Clár 'Bí Sábháilte' agus an Clár OCG a mhúineadh.*
  - \* *Ag tabhairt freagracht speisialta nó pribhléid m.sh Am Órga*
  - \* *Focal molta le tuismitheoir- scríofa nó labhartha*
  - \* *Aitheantas difriúil a fháil m.sh suaitheantas, teastas*
  - \* *Dalta na seachtaine/ dalta an lae a phiocadh*
  - \* *Gaeilgeoir na Míosa*

### **3.3 Tá an Bord Bainistíochta freagrach as-**

\* Is é ról foriomlán an Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhforbraítear Cód Iompair sa scoil agus go bhfuil an pobal scoile ar fad páirteach ina fhorbairt, ina chur i bhfeidhm agus ina athbhreithniú. Tá freagracht faoi leith ar an mBord as éiteas na scoile a chur chun cinn chomh maith le freagracht fhoriomlán as polasaithe scoile.



#### 4.0. An Cód Disciplín.

Tá sé an tábhachtach má tá an smacht á imirt ar pháiste trí droch iompar de shaghas ar bith go gcuirfeadh sé/sí é seo in iúl don mhúinteoir nó tuismitheoir / caomhnóir.

Seo é an cód disciplín atá in úsáid ag Scoil Uí Riada

- ❖ Meas deá-iompar agus comhoibriú á thaispeáint do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus d'fhoireann tacaíochta sa seomra ranga, sa chlós agus ar imeachtaí scoile.
- ❖ Táimid ag súil go mbeidh cumarsáid iomlán á dhéanamh ag gach páiste tré Ghaeilge seachas ag am an ábhar Béarla
- ❖ Táimid ag súil go mbeadh páistí béasach, macánta agus ionraic le pobal na scoile, foireann, páistí, tuismitheoirí agus cuairteoirí.
- ❖ Táimid ag súil go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am.
- ❖ Meas á thaispeáint ag páistí dá gcuid fearais féin, do pháistí eile, d'fhearais na scoile agus dá dtimpeallacht.
- ❖ Meas ar pháistí eile, gan aon fhoréigean ó bhéal ná fisiciúil agus gan aon bhulaíocht d'aon saghas. (féach an chuid ar Bhulaíocht).
- ❖ Meas ar mhothúcháin páistí eile- sé sin, tá sé ceart go leor bheith brónach, ciúin & rl.
- ❖ Tá páistí ceaptha iad féin a iompar in ord agus in eagar sa seomra ranga, ag dul timpeall na scoile, ag teacht is ag imeacht ón gclós agus nuair a bhíonn siad ag taisteal ar an mbus scoile.
- ❖ Tá ar na daltaí bheith i line nuair a bhíonn said ag
  - (a) ag teacht agus fágáil an seomra ranga,
  - (b) ag dul ar an mbus.
  - (c) sa chlós nuair a bhuaileann an clog.
- ❖ Beidh ar na daltaí teacht agus imeacht ón scoil ag an am ceart.
- ❖ Beidh orthu lón, na leabhair scoile, cóipleabhair agus aon rud atá ag taisteáil uathu ar scoil a thabhairt leo.

- ❖ Beidh ar na páistí a gcuid obair bhaile, idir scríofa agus ó bhéal, a chríochnú ar scoil agus sa bhaile chomh maith.
- ❖ Beidh ar dhaltaí éisteacht le daltaí eile agus seans labhairt a thabhairt do gach duine sa rang.
- ❖ Caithfidh na páistí iad féin a iompar i gceart i dtreo is nach ngortóidh said iad féin nó daltaí eile - ní bheidh cead pléaráca, dreapadóireacht, caitheamh clocha agus rl. Iarrfaimid ar dhaltaí bheith tuisceanach leis na daltaí óga.
- ❖ Iarrfaimid ar dhaltaí gan éinne a fhágáil as a gcuid spórt / spraoi.
- ❖ Táimid ag súil go mbeidh dea-theanga ar a mbéal acu.
- ❖ Caithfidh páistí fanacht ina gclós féin le linn aon bhriseadh.
- ❖ Níl cead an scoil a fhágáil le linn am scoile gan tuismitheoir / caomhnóir á siniú amach le cead an mhúinteora.
- ❖ Níl cead na ríomhairí a úsáid ach amháin nuair atá daltaí faoi stiúradh agus go bhfuil cead faighte acu. (\*Féach Polasaí Ríomhairí)
- ❖ Beidh ar na daltaí a gcuid éadaí scoile a chaitheamh i gcónaí ach amháin nuair atá cead speisialta acu.
- ❖ Caithfidh na páistí fanacht amach ón Astro mura bhfuil a rang cláraithe le bheith air.
- ❖ Caithfidh na páistí líne díreach a dhéanamh nuair a bhuaileann an clog agus gan bheith ag pleidhcíocht ann.

*\* Baineann na caighdeán agus na rialacha atá sa chód iompair le daltaí atá lasmuigh den scoil ach atá fós faoi chúram na scoile m.sh turas scoile, chuichí, gníomhaíochtaí seach-churaclam agus freastal ar imeachtaí a eagraíonn an scoil.*

#### **4.1 Páistí le Riachtanais Speisialta**

Uaireanta is gá don fhoireann cúram speisialta a ghlacadh le páistí ag a mbíonn riachtanais speisialta. Bíonn idirghabháil ghníomhach sa bhreis de dhíth ar roinnt daltaí chun cuidiú leo a n-iompar a bhainistiú. Is gá an Cód a mhíniú dóibh maraon leis na fáthanna nach féidir glacadh le mí-iompair sa scoil. Ma tá smachtbhannaí á chur i bhfeidhm leis na páistí le riachtanaisí speisialta, is gá míniú dóibh céard iad na smachtbhannaí agus na fáthanna ina bhfuil siad á chur i bhfeidhm.

Is féidir ionchur sa bhreis a chur san áireamh, mar shampla:

- ag bunú targaidí iompair (Plean Tacaíocht Ranga)
- Ag déanamh monatóireacht ar na targaidí i ndóigh tachadúil
- Plean/Conradh iompair
- Grúpaí Sóisialta

- Straitéisí soiléire leagtha amach i gcomhairle leis an bhfoireann tacaíocht foghlama/acmhainne, tuismitheoirí, múinteoirí ranga agus cúntóir riachtanais speisialta.
- Úsáidtear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair.

## **4.2 Comhionannas**

I Scoil Uí Riada, táimid tiomanta ar chinntiú go bhfuil comhionannas oideachas agus deiseanna ag an bhfoireann, na páistí agus an pobail scoile agus tá sé mar aidhm againn dul chun cinn pearsanta agus acadúil na bpáistí a fhorbairt is cuma cad é gnéas, cine, cultúr nó cumas an pháiste.

## **5.0 Straitéis(í) / Smachtbhannaí.**

Is iad seo a leanas na straitéisí le cur i bhfeidhm na rialacha thuasluaite:

### **5.1 Sa seomra ranga:**

#### **‘Córas na Spotaí’**

##### **1. Céim 1/Spota amháin ar an gcairt-**

Labhairt leis an bpáiste, foláireamh agus comhairle a thabhairt dóibh.

##### **2. Céim 2/dhá spota ar an gcairt-**

Páiste a bhaint as grúpa taobh istigh den rang (go sealadach) m.sh. Cathaoir na smaointe/ ‘time out’.

##### **3. Céim 3/trí spota ar an gcairt-**

Nóta sa dialann & pribhléid a bhaint do lá amháin (am ar an gclós, am astro srl.)

##### **4. Céim 4/ ceithre spota ar an gcairt-**

Cuairt ar oifig an phríomhoide nó an príomhoide tánaisteach. Pribhléid a bhaint don chuid eile den seachtain (am ar an gclós, am astro srl.)

##### **5. Céim 5/ Cúig spota ar an gcairt-**

Glaoch a chur ar na tuismitheoirí/cruinniú a eagrú leo.

*\*Cabhraíonn sé má tá an chairt le feiceáil sa seomra ranga. Glanfar é gach seachtain nó faoi dhiscréid an mhúinteora ag brath ar aois na bpáistí.*

*\* Uaireanta beidh gá le páiste a choinneal istigh chun é/í a scaradh ón eachtra agus spás a thabhairt do na páirtí go léir smaoinemh ar chad a tharla. Beidh maoirseacht déanta ar éinne a choinnítear istigh.*

## 5.2 Sa Chlós:

Ag braith ar mhórchúiseacht/ thromchúiseacht an eachtra/gníomh, fágtar faoi dhiscreíd an mhúinteora ceann amháin ar a laghad do na smachtbhannaí seo a leanas a chur i bhfeidhm.

### Stráitéisí/ Smachtbhannaí sa chlós

**Céim 1:** Labhairt leis an bpáiste, foláireamh a thabhairt agus comhairle a thabhairt dóibh.

**Céim 2:** Áit na smaointe/ ‘Time Out’ sa chlós (beidh an méid ama ag brath ar aois an pháiste, chomh maith le cinéal & tromchúis an iompair)  
(Cuirfear an páiste ina s(h)easamh ag an mballa sa chlós, nó i gcásanna áirithe beidh air/uirthi dul isteach chuig ‘a+e’ go dtí go bhfuil cómhra aige/aici leis an múinteoir ranga & rud éigin déanta faoin iompar.

**Céim 3:** Má leanann an iompar ar aghaidh nó más eachtra thromchúiseach atá i gceist, labhróidh an múinteoir atá ar an gclós leis an múinteoir ranga.  
**Bogfaidh an páiste ar aghaidh céim amháin sa chóras ranga.**

## 5.3 Gradaim

Is fearr an focal dearfach ná an focal cáinteach agus glactar leis gur cóir moladh a thabhairt nuair atá sé tuillte. Dá bhrí sin is mian linn i Scoil Uí Riada go mbeidh meas ag gach duine de chomhphobal na scoile ar a chéile agus go mbeidh cleachtas i bhfeidhm a chuireann iompar dearfach chun cinn i gcónaí agus go mbeidh cosc ar iompar mí-oiriúnach.

Bronnfar duaiseanna ar dhalta a léiríonn dea-iompar nó a chuireann le saol na scoile. Is tábhachtach iad gníomhaíochtaí acadúla agus gníomhaíochtaí neamh acadúla i Scoil Uí Riada. Is féidir le duaiseanna a bheith foirmeálta nó neamhfhoirmeálta.

- ❖ Moladh ón múinteoir ranga/múinteoir eile/ an Príomhoide.
- ❖ Pas obair bhaile
- ❖ Bonn/ Teastais mar aitheantais ar deá-iompair.
- ❖ Am breise ar an gclós/sa seomra ríomhaire nó am breise ag úsáid na ‘taibléid’
- ❖ Am Órga
- ❖ Duaiseanna (peann luaidhe, yoyo, líreacán.
- ❖ Trófaí (Dalta na Seachtaine)

## **6.0 Iompar nach féidir glacadh leis ó pháistí.**

Is mian linn go mbeadh suíomh na scoile sábháilte agus compórdach, áit gur féidir le páistí maireachtáil, foghlaim agus súgradh le chéile go nádúrtha. Cruthaítear suíomh sábháilte foghlama do dhaltaí nuair a dhéantar maoirseacht cúramach orthu agus bíonn í bhfad níos lú eachtraí do mhí-iompar dá bharr.

Ba cheart go dtabharfadh an múinteoir nó cuiditheoir ranga an aire/cúram céanna do dhaltaí faoin a c(h)úram is a thabharfadh tuismitheoir cúramach dá p(h)áistí féin. Tugtar ‘in loco parentis’ ar an bprionsabal seo.

Nuair a tharlaíonn eachtraí mhí-iompar mar atá léirithe thíos, ba cheart don mhúinteoir/chuiditheoir ranga idirghabháil a dhéanamh chun an mhí-iompar a stopadh agus an suíomh a dhéanamh sábháilte.

- Nuair atá daltaí ag casaoid ó bhéal lena chéile
- Nuair a chuireann mí-iompar an dalta(í) isteach ar múineadh nó foghlaim
- Nuair atá daltaí ag troid nó ag déanamh ionsaí ar dhaltaí eile go foréigeanach.
- Nuair atá dainséar ann go ngortóidh na daltaí iad féin nó duine éigin eile
- Nuair atá daltaí ag iarraidh fágáil nó éalú ón scoil gan chead
- Nuair atá mí-iompar ar siúl atá ag cuir isteach ar dhaltaí eile nó ar an suíomh foghlama, bíodh sé seo sa seomra ranga nó í suíomh scoile eile.
- Nuair atá damáiste á dhéanamh do mhaoin na scoile
- Nuair atá coir í gceist
- Nuair a fheictear don fhoireann go bhfuil dainséar í gceist mar shampla ar thurasanna taobh amuigh do shuíomh na scoile.
- Nuair atá bulaíocht á dhéanamh ar dhalta(í) eile.
- Nuair atá droch úsáid teanga i gceist (eascainí).
- Nuair atá ciníochas i gceist,
- Nuair atá páiste easurramach do bhall foirne.

Beidh scála agus nádúr na h-idirghabhála comhréireach le mí-iompar an dalta agus an méid damáiste go bhféadadh tarlú. Nuair a dhéanann an fhoireann idirghabháil í suíomhanna mar atá léirithe thuas ba cheart;

- Ceannaireacht a thógáil ar an suíomh/eachtra.
- Gníomhú ar bhealach socair, ciúin, sibhialta agus lách
- Déan an idirghabháil go sábháilte
- Míniú an fáth leis an idirghabháil nuair a thagann an deis seo a dhéanamh
- Cuir tuismitheoirí agus an príomhoide ar an eolas
- Cuir clárú cruinn scríofa den eachtra ar fáil í leabhar na n-eachtraí.

***\*Féach ar an bpolasaí scoile ar ‘Frith-Bhulaíocht’ atá ar suíomh na scoile, chun níos mó eolais a fháil faoi chlárú a dhéanamh ar bhulaíocht.***

## **6.1 Clárú**

Tá clárú scríofa ag teastáil d’eachtraí inár gá do mhúinteoirí/chuiditheoirí idirghabháil a dhéanamh iontu.

Ba cheart an t-eolas seo leanas a chlárú:

- Ainmneacha na ndaltaí páirteach
- Áit agus am ar tharla an t-eachtra
- Cén fáth a rinneadh an idirghabháil?
- Sonraí an eachtra féin
- Céard a tharla í ndiaidh na h-eachtra?
- Céard a rinne tú?
- Cuir síos a dhéanamh ar aon ghortaithe nó damáiste a rinneadh.
- Cuir na smachtbhannaí mar atá léirithe sa Chód i bhfeidhm.

**\* I gcásanna áirithe nuair a tharlaíonn eachtra/mí-iompar níos dáiríre ná gnáth mí-iompar, tá gá le pianos níos mó a chur ar an bpáiste ná céim ar aghaidh sa chóras ranga/clós ‘Córas na Spotaí’. Samplaí den saghas mí-iompar seo ná;  
**Troid sa chlós, drochmheas a léiriú ar mhúinteoir, ag eascaine.****

**\* Tar éis iniúchadh a dhéanamh, déanfar an eachtra & an pianos a phlé leis an páiste, an múinteoir agus an príomhoide/príomhoide tánaisteach., chomh maith leis na tuismitheoirí a chur ar an eolas.**

**\* I gcásanna mar seo cuirfear an páiste ar fhionraí inmheánach (am lóin) agus beidh obair le déanamh acu. Beidh fad an fhionraí ag braith ar an eachtra.**

**\* Tar éis dóibh an pianós a chomhlíonadh déanfar iarracht an páiste a spreagadh chun iad féin a iompar níos fearr sa chlós.**

**\* Tabharfar moladh don deá-iompar seo.**

### **6.2 Iompar Thromchúiseach:**

I gcás iompar thromchúiseach leanúnach dearfaidh an Bord Bainistíochta leis an gCathaoirleach nó leis an bPríomhoide an páiste a chur ar fhionraí láithreach agus tógfar/pléifear an cás leis na tuismitheoirí.

Is gá do scoileanna, faoi Alt 23 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a shonrú ina gcód iompair, nó nósanna imeachta le leanúint má chuirtear mac léinn ar fionraí nó má dhíbrítear an mac léinn ón scoil.

Déanfar fionraí de réir Rial 130(5) de Rialacha na Bunscoile. Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh:

- Cineál & tromchúis an iompair
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An é an rogha is feiliúnaí don mhac léinn é a chur ar fionraí nó nach é.
- Tionchar féideartha na fionraí.

### **Díbirt**

Déanfar páiste a dhíbirt i gcás eisceachtúil de réir Rial 130(6) de Rialacha na Bunscoile. Díbrítear dalta ón scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an dalta sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh.

Is ag an mBord Bainistíochta atá an tÚdarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair.

**I gcás go bhfuil fíricí uile an cháis breithnithe ag an mBord Bainistíochta, agus go bhfuil an Bord den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt ní foláir don Bhord fógra a thabhairt don Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn, agus na cúiseanna atá leis an tuairim seo (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)). Ba chóir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais nuair atá sé beartaithe dalta a dhíbirt. Ní féidir an mac léinn a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá ar a bhfaigheann an OLO (Oifeagach Leasa Oideachais) an fógra i scríbhinn (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)).**

Éireoidh le hachomharc in aghaidh díbeartha, go huathoibríoch faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998 más féidir a léiriú nár cuireadh an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas de réir alt 24(1) nó nach bhfuil fiche lá caite ón dáta a fuair an tOifigeach Leasa Oideachais fógra go dtí cur i ngníomh na díbeartha (An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007, a4A). Ba chóir don Bhord a chur in iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faoina thátail agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Nuair atá sé beartaithe dalta a dhíbirt ba chóir go ndéarfaí leis na thuismitheoirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais.

## **7.0 Cumarsáid le thuismitheoirí mar gheall ar disciplín.**

Tá sé an tábhachtach go mbeidh tacaíocht agus comhoibriú ó thuismitheoirí / chaomhnoirí má tá an Cód Disciplín le bheith éifeachtach.

Bainfidh na páistí tairbhe as tuiscint idir thuismitheoirí / chaomhnoirí agus mhúinteoirí. Úsáidfimid na modhanna seo a leanas ionas go mbeidh cumarsáid sásúil ann:

### **Modhanna.**

1. Nóta chuig thuismitheoirí sa dialann ag iarraidh orthu labhairt lena bpáiste faoin gceist.
2. Teagmháil pearsanta leis an thuismitheoir trí litir nó glaoch ghutháin.



3. Cruinniú don tuismitheoir leis an múinteoir agus / nó an Príomhoide ag am oiriúnach do chách.

## **8.0 Bulaíocht.**

### **8.1. Sainmhíniú ar Bhulaíocht.**

*Iompar atá cruálach maslach gan stad gan staonadh agus forleathach. Tarraingíonn an iompar seo fulaingt ghéar atá dian agus buan.*

Is cinéal imeaglú í bobaireacht / bulaíocht a tharlaíonn do roinnt páistí. Tá múinteoirí agus tuismitheoirí an-bhuartha faoi. Caithfidh an scoil agus na tuismitheoirí teacht le chéile chun an fhadhb a réiteach. D'fhéadfadh an bhulaíocht bheith fisciúil, ó bhéal nó sochorraithe agus d'fhéadfadh duine amháin nó roinnt daoine bheith freagrach as. Seo cuid de na modhanna ina dtarlaíonn sé; ainmneacha á ghlaoch ar dhaoine, gríogadh agus achasán á chaitheamh; comharthaí drochbhéasaí; imeaglú agus snacaireacht.

### **8.2. Comharthaí Bhulaíocht.**

D'fhéadfadh do pháiste na comharthaí seo a leanas a thaispeáint má tá sé/sí thíos le bulaíocht.

- i. B'fhéidir nach mbeadh sé/sí ag dul ar aghaidh go maith ar scoil
- ii. B'fhéidir go mbeadh brú nó scríobadh ag an bpáiste gan aon mhíniú orthu agus b'fhéidir nach mbeadh sé/sí ag iarraidh iad a mhíniú.
- iii. B'fhéidir go dtosódh an páiste ar bhobaireacht sa chlann.
- iv. B'fhéidir nach mbeadh sé/sí ag iarraidh dul ar scoil nó siúl / filleadh abhaile ón scoil.
- v. B'fhéidir go dtiocfadh an páiste abhaile le leabhair agus éadaí stróicthe nó ar iarraidh.
- vi. B'fhéidir go dtosódh an páiste ar iompar a bhaineann le páiste i bhfad níos óige – mar shampla – an leaba a fhliuchadh, an ordóg a dhiúl, go richiúin, neirbhíseach agus easpa féin mhuinnín tobann.

### **8.3 Samplaí agus Suíomhanna**

Samplaí de bhulaíocht:

- ❖ Ainmeacha á ghlaoch ar dhaoine
- ❖ Gríogadh agus achasán á chaitheamh.
- ❖ Comharthaí droch bhéasacha agus teanga droch bhéasach.
- ❖ Imeaglú
- ❖ Snacaireacht
- ❖ Droch mheas a léiriú
- ❖ Daltaí eile a fhágáil amach ó cluichí agus caidreamh.

**Suíomhanna ina dtarlaíonn bulaíocht:**

- ❖ Sa seomra ranga
- ❖ Sa chlós
- ❖ Ar thuras scoile
- ❖ Bus scoile
- ❖ Ag teacht ar scoil
- ❖ Ag dul abhaile ón scoil

### **8.4 Cén fáth a thosaíonn roinnt páistí ar bhulaíocht?**

- i. B'fhéidir go mbeadh bulaíocht ar siúl sa bhaile ó thuismitheoirí nó deartháracha / deirfiúracha.
- ii. B'fhéidir go bhfuil said ag mothú lochtach nó nach bhfuil muinín acu astu féin.
- iii. B'fhéidir go bhfuil said faoi bhrú agus go bhfuil orthu dul chun cinn a dhéanamh in aon chaoi gur féidir leo.
- iv. B'fhéidir nach bhfuil ag éirí leo lena aoisghrúpa.
- v. B'fhéidir go bhfuil said mílte agus nach bhfuil said faoi dhúshlán sa bhaile.
- vi. B'fhéidir go bhfuil cumhacht agus aird de dhíth orthu mar nach bhfuil sé ar fáil sa bhaile.
- vii. B'fhéidir nach bhfuil baint amach acadúil an pháiste sásúil.

## **8.5 Má thuigeann tú go bhfuil bulaíocht idir lámha ag do pháiste**

D'fhéadfá tabhairt faoi na pointí seo a leanas:

- i. Cuir iachall ar do pháiste admháil go bhfuil bulaíocht ar siúl aige/aici agus nach féidir glacadh leis.
- ii. Déan iarracht fáil amach má bhaineann an iompar seo le gné eile i saol an bpáiste: mar shampla – leanbh nua, brú cúrsaí chlainne agus rl.
- iii. Labhair le do pháiste agus cuir iachall air/uirthi tuiscint a bheith aige/aici don páiste atá thíos le bulaíocht.
- iv. labhair leis an múinteoir.

De gnáth ní bhíonn muinín ag an té atá ag bulaíocht as/aisti féin. Ná déan comparáid idir dhul chun cinn do pháiste agus páistí eile. Má tá seans ar bith agat mol aon uair atá do pháiste cabhrach nó cineálta.

## **8.6 Má thuigeann tú go bhfuil bulaíocht ar siúl ar do pháiste:**

- i. Fan socair agus ná lig don scéal dul i bhfeidhm an iomarca ort. B'fhéidir go gceapfadh an páiste go bhfuil tú díomach nó ar buile agus d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar an bpáiste. Bí cinnte go dtuigeann an páiste nach bhfuil an locht air/uirthi agus go bhfaighidh sibh réiteach ar an bhfadhb.
- ii. Bí ag obair ar neamhspleáchas agus féin mhuinín.
- iii. Bí cinnte go dtuigeann an páiste gur féidir “Ní”/”Níl” & rl. ar rá.
- iv. Labhair leis an múinteoir.
- v. Má tá an bulaíocht go fisiciúil ná habhair le do pháiste an rud céanna a dhéanamh.
- vi. Bíonn páiste a fhánann ina n-aonar soghonta agus bíonn cabhair de dhíth orthu chun dul i ngleic lena n-aoisghrúpa. D'fhéadfá fáilte a chuir roimh pháistí eile chuig do theach chun súgradh agus cabhair a fháil ó thuismitheoirí eile.
- vii. Tá sé tábhachtach go dtuigeann páistí go mbíonn baol ann uaireanta agus go gcaithfidh sé/sí smaoineamh ar shábháilteacht ar dtús. Caithfidh said foghlaim conas ‘éalú’ agus ‘inis do dhuine oiriúnach’.

**Tá Scoil Uí Riada ag gealladh:**

- a. Clár ar dhul i gcoinne bulaíocht a chur ar fáil ag úsáid: físthéipeanna, drámaíocht agus rl.
- b. Nuair atá eolas againn nó amhras ar bhulaíocht dian, rachaimid i ngleic leis gan mhoill.
- c. Gheobhaidh tuismitheoirí scéal chomh luath agus is féidir.
- d. Beidh fiosrú agus tuairisc ar aon scéal bhulaíocht.
- e. Leanfar polasaí na scoile i leith Cosaint Leanaí (féach polasaí Cosaint Leanaí)
- f. Tá ‘Cód Frithbhulaíocht’ na scoile á chleachtadh sa scoil.

*Tá an Bord Bainistíocht, foireann na scoile agus Coiste na dTuistí tar éis aontú leis an gCód Disciplín seo agus athscrúdófar é gach trí bliana.*

**Plean chun Athbhreithniú agus Measúnú a dhéanamh ar an gCód Iompair**

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus measúnú ar an gCód Iompair seo gach dara bhliain, tar éis plé a dhéanamh le foireann na scoile, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.

**Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an 20-1-18**

**Síniú:** \_\_\_\_\_

**Síniú:** \_\_\_\_\_

**Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta**

**Príomh-Oide**

**Dáta:** \_\_\_\_\_

**Dáta:** \_\_\_\_\_

**Dáta an chéad athbhreithniú eile: Eanáir 2020**